Rannán na Scoileanna – Airgeadas
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Cor na Madadh
Baile Átha Luain
Co. na hIarmhí

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Schools Division - Financial
Department of Education and Skills
Cornamaddy
Athlone
Co. Westmeath

Imlitir 0024 /2011

Chuig: Údaráis Bhainistíochta Scoileanna Aitheanta idir Mheánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha agus chuig Príomhoifigigh Feidhmiúcháin Coistí Gairmoideachais

Leithdháileadh maoinithe ar scoileanna i gcomhair leabhar agus deontas cláir

Is mian leis an Aire Oideachais agus Scileanna comhairle a chur ar Údaráis Bhainistíochta scoileanna dara leibhéal agus ar Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin Coistí Gairmoideachais i dtaobh na socruithe maidir le híoc an mhaoinithe atá le leithdháileadh ar scoileanna le cabhair a thabhairt i gcomhair leabhar agus i leith deontas cláir.

Tá an Roinn seo ag súil leis na híocaíochtaí go léir a dhéanamh i mí Meithimh 2011. Is é an maoiniú breise per capita atá le cur ar fáil ná:

Leithdháileadh ar scoileanna DEIS i gcomhair leabhar	€39
Leithdháileadh ar scoileanna nach scoileanna DEIS iad i gcomhair leabhar	€24
Clár Scoileanna don Teastas Sóisearach	€60
Clár na hIdirbhliana	€95
Clár na hArdteistiméireachta Feidhmithí	€151
Fisic agus Ceimic	€13

Beidh an Roinn Oideachais agus Scileanna ag gríosadh scoileanna chun scéimeanna cíos leabhar a chur ar bun, os rud é gurb iad siúd an chaoi is éifeachtaí chun costais a ísliú do na tuismitheoirí uile.

Is ceart gach fiafraí maidir leis an gciorclán seo a chur ar Rannán na Scoileanna - Airgeadas ag ccfinancial@education.gov.ie.

Matthew Ryan
Príomhoifigeach
Rannán na Scoileanna
Márta 2011